# Scéal, Scéal, Scéal…

6 Meitheamh 2024 Eagrán 199

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.



Lá an Phátrúin 2023

# Lá an Tobair

Is é an Domhnach beag seo Lá 'l Colmcille, an 9 Meitheamh.

Is fada atá Lá an Tobair — Lá an Phátrúin, mar a thugtar air go háitiúil — á cheiliúradh i gCois Fharraige in ómós an naoimh a bhfuil a lorg go láidir sa gceantar. Nach iomaí buachaill ar baisteadh Colm air agus nach bhfuil trí scoil san LPT seo tiomanta dó, gan trácht ar an gComhar Creidmheasa?

Ní bheidh Aifreann á cheiliúradh ar an altóir cois na farraige in aice le bád Cholmcille ar an mBánrach i mbliana mar a bhí anuraidh de bharr gur ar an Domhnach a thiteann an fhéile i mbliana agus go bhfuil an sagart an-ghnóthach le cúraimí aifrinn paróistí ar an lá.

Fós féin is cinnte go mbeidh neart daoine ag déanamh turas an tobair ar an Domhnach faoi mar a rinne a muintir rompu leis na cianta cairbreacha.

# Maidin Chaife

Beidh an mhaidin chaife mhíosúil á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Aoine 7 Meitheamh sa gCrúiscín Lán ag 11.00 r.n.

Ócáid í seo a bhíonn ar bun ar an gcéad Aoine de chuile mhí i sráidbhaile an Spidéil le deis a thabhairt do dhaoine seanbhunaithe sa gceantar agus nua-thagtha isteach sa gceantar casadh lena chéile, aithne a chur ar a chéile agus tacú leo siúd ar mian leo tógáil ar an méid Gaeilge atá acu.

Níl le déanamh ach bualadh isteach agus ní call aithne a bheith agat ar aon duine roimh ré. Beidh cairde ann romhat!



# Amuigh 24
# Féile don Óige

Tá Cruinniú na nÓg, i gcomhar le Fíbín agus Cúla 4, ag eagrú **Amuigh 24** ar an Tulach ar an 15 Meitheamh.

Is féile nua aon lae í seo, atá dírithe ar ghasúir ón gcliabhán go hocht mbliana déag. Déanfar ceiliúradh ar chruthaitheacht, ealaín agus taibhléiriú na nÓg. Beidh réimse leathan gníomhaíochtaí agus siamsaíochta ar fáil ag **Amuigh 24**, agus é dírithe ar thrí aoisghrúpa ar leith: 0-5 bliana, 6-12 bhliain agus 13-18 mbliana d'aois.

Cinnteoidh an clár cuimsitheach go mbeidh deis ag an lucht freastail a bheith rannpháirteach i gceardlanna idirghníomhacha, chomh maith le taitneamh a bhaint as léirithe ealaíne agus ceol beo. Ardán tábhachtach a bheidh sa bhféile do dhaoine óga lena gcuid cruthaitheachta féin, a dtallann agus a gcuid scileanna ealaíne a chur i láthair.

Beidh saorchead isteach ag an bpobal ag an bhféile seo, a bhfuil tacaíocht aici ó Roinn na Gaeltacht,a ach beidh ar theaghlaigh, grúpaí agus daoine óga clárú don ócáid. Is féidir **tuilleadh eolais agus ticéid** a fháil ar suíomh Éire Ildánach.




Cuir an dáta do **Amuigh 24** ar 15 Meitheamh 2024 sa dialann!

# Deis do Dhéagóirí

Tá Aistear na nGael ar bun arís i mbliana! Seachtain spraoi, spóirt agus comhluadair í seo, a dtagann déagóirí as Gaeltachtaí na tíre le chéile le tréimhse a chaitheamh i mbun imeachtaí spóirt agus cultúir agus le haithne a chur ar a gcuid comhdhéagóirí Gaeltachta.

Reáchtáladh an tAistear i gCorca Dhuibhne den chéad uair anuraidh ach sna hOileáin i gConamara a bheas sé i mbliana. Ba é Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne a bhunaigh é, le haos óg na Gaeltachta a mhealladh le roinnt ama a chaitheamh i gcuideachta a chéile i "suíomh spraíúil Gaeltachta a thagann le heispéireas na gcoláistí samhraidh". Ghlac os cionn 30 duine óg as chuile chearn den Ghaeltacht páirt ann i mí Lúnasa 2023.

Ach oiread leis na scoláirí a thagann chun na Gaeltachta sa samhradh, fanfaidh na rannpháirtithe le mná tí agus beidh siad ag campáil, ag siúl sléibhe, ar thuras báid, i mbuna ióga, Zumba, peile agus neart rudaí eile. Tá an cúrsa dírithe ar chainteoirí líofa Gaeilge a bhfuil cónaí orthu sa nGaeltacht oifigiúil agus atá idir 13-16 mbliana d'aois. Ach, marab ionann is na coláistí samhraidh, ní bhíonn ranganna foirmiúla teanga i gceist ar an gcúrsa seo.

Is iad aidhmeanna an chúrsa ná gréasán sóisialta a chruthú do dhéagóirí Gaeltachta agus deis a thabhairt dóibh aithne agus eolas a chur ar a chéile, ar chanúintí a chéile agus ar na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí atá idir na ceantracha Gaeltachta; ar mhaithe le féiniúlacht Ghaeltachta agus mórtas teanga, áite agus pobail a chothú.

Coláiste na nOileán, i gceantar na nOileán i gConamara, atá i mbun Aistear na nGael i mbliana, idir 28 Iúil agus 4 Lúnasa. Tá maoiniú á chur ar fáil ag Roinn na Gaeltachta a cheadaíonn scoláireacht €400 an duine do rannpháirtithe agus níl ach €150 le híoc ag na rannpháirtithe

Cuirfidh Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga €150 an duine ar fáil do bheirt as LPT Chois Fharraige le dul ar an Aistear. Ní mór **an fhoirm seo** a líonadh do Choláiste na nOileán le spéis a léiriú agus áit a fháil ar an gcúrsa.

Seolaigí teachtaireacht chuig **optchoisfharraige@gmail.com** le do spéis a léiriú sa deis iontach seo nach bhfuil i bhfad ó bhaile i mbliana!

Déan deifir! Líon teoranta spásanna atá acu.

# Deis do Dhéagóirí

COLÁISTE na nOileán

**28 Iúil - 4 Lúnasa 2024**

## Aistear na nGael


### do dhéagóirí na Gaeltachta (14 - 16bl)

**Campa seachtaine i gConamara**



Fáilte roimh dhéagóirí ó chuile Ghaeltacht ach Gaeilge a bheith mar príomhtheanga acu










Lóistín le Mná Tí
Spásanna Teoranta
Costas €500
Scoláireachtaí €400 ar fáil

Céim 1: Spéis a léiriú ar colaistenanoilean.ie 💻
Céim 2: Agallamh fóin neamhfhoirmeálta 📞
Céim 3: Clárú ✏️

Údarás na Gaeltachta

Is féidir ceisteanna a sheoladh chuig ailbhecnn2024@gmail.com

# Féasta Ceoil an Spidéil

Tá **Féasta Ceoil an Spidéil** faoi lán tseoil agus an-éileamh ar thicéid!




Tá scoth na gceoltóirí agus na bhfonnadóirí ag teacht chuig Stiúideo Cuan sa Spidéal as seo go dtí tús mhí Iúil. Beidh na ceolchoirmeacha le cloisteáil ar RTÉ RnaG amach anseo.

Bhí daoine faoi dhraíocht ag Caoimhe agus Séamas Uí Fhlatharta ar an gCéadaoin agus is cinnte go gcuirfear fáilte mhór roimh Chaitríona Ní Cheannabháin ar an Aoine 7 Meitheamh. Luaigh na Flathartaigh í mar dhuine de na chéad múinteoirí sean-nóis a bhí acu féin!

Beidh na High Seas — Ciarán Ó Maonaigh, Caitlín Nic Gabhann agus Cathal Ó Cuirrín — agus Clann Mic Ruairí as Gaeltacht Thír Chonaill ag teacht.

Cuirfear spéis ar leith in *Beatha*, píosa ceoil a ndearna Stiúideó Cuan coimisiúnú air ó Pheadar Ó Riada. Cuirfidh Peadar féin agus Doireann Ní Ghlacáin, iníon deirfíre le Peadar, an suite ceoil sin i láthair ar an 14 agus 15 Meitheamh. Premier domhanda i Stiúideó Cuan!

Tá Muireann Nic Amhlaoibh, tá Danú agus tá Zoe Conway ar an mbealach! Beidh Kila ann, gan dearmad a dhéanamh ar Phádraig Jack as Cill Rónáin ar an 20 Meitheamh.

Gné shuntasach de na ceolchoirmeacha seo ná go gcloistear ceol ó cheoltóirí óga an cheantair mar chéad mhír na coirme.

Is údar bróid dúinn i gCois Fharraige a bhfuil de cheoltóirí óga ar ardchumas ag casadh éagsúlacht bhreá uirléisí ag teacht chun cinn sa gceantar.

**Níl ach 57 suíochán i Stiúideo Cuan agus moltar dá bhrí sin ticéid a chur in áirithe go luath. Is féidir ticéid a chur in áirithe trí Eventbrite.**

# Peil ⁊ Cairdeas

Cuireadh tús le himeacht spóirt do mhná atá ‘beagán níos sine’ (!) sa Spidéal le gairid. Tá foirne *Mothers and Others* á n-eagrú ag Cumann Peil an mBan le tamall anuas do mhná os cionn cúig bliana is fiche agus nach bhfuil ag imeacht go hiomaíoch faoi láthair.

Tá CLG an Spidéil tar éis foireann a bhunú do na mná sin ar mhaith leo beagáinín peile a imirt go sóisialta agus le píosa craic a bheith acu.

Mar sin, buail isteach chuig an bpáirc traenalá i gColáiste Chonnacht ar an Déardaoin ag 7.30 i.n.




# €100,000 Bailithe

Is iontach go deo iad pobal Ros an Mhíl! Tá €100,000 bailithe ag pobal Scoil Cholmcille, le cabhair ó phobal Ros an Mhíl, ar mhaithe le Naíonra a fhorbairt sa scoil.

Cheadaigh Roinn na Gaeltachta deontas suas le €58,245 faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga don scoil le cuidiú leo táillí i leith seirbhísí gairmiúla don fhorbairt a íoc i mí Iúil 2021. Nuair a frítheadh cead pleanála bliain ó shin go díreach, thug tuismitheoirí na scoile faoi fheachtas le €100,000 a bhailiú mar sciar áitiúil. Fógraíodh i gcaitheamh na seachtaine seo caite go bhfuil an sprioc sin bainte amach anois.

Nach iontach go deo sin in imeacht bliana? Treise leo!